# ARDÁN BEARTAIS SLÁINTE AN AONTAIS EORPAIGH

# Treoracha don úsáideoir


1 Próiseas clárúcháin ........ 3

a) Do chuntas EU Login a chruthú ........ 3

b) Tá mé cláraithe cheana féin (ar EU Login) ........ 4

2 'Mo phróifíl' ........ 7

a) Na míreanna atá postáilte agat ........ 7

b) Mo phróifíl a chur in eagar ........ 7

c) Liosta de do chuid líonraí ........ 8

d) Do chuid imeachtaí ........ 8

e) Do chuid sonraí liostála ........ 8

f) Iarratais rochtana a bhainistiú ........ 8

3 Rochtain a iarraidh ar Líonraí srianta ........ 9

4 Eolas a phostáil i líonra ........ 12

a) Mír nuachta a chruthú ........ 12

b) Imeachtaí a phostáil ........ 14

c) Pobalbhreith a phostáil ........ 15

5 Doiciméid a chomhroinnt i leabharlann líonra ........ 19

a) Doiciméad a phostáil i leabharlann líonra ........ 19

b) Doiciméid a bhogadh nó a scriosadh ........ 19

c) Bulc-uaslódáil ........ 20

d) Bulc-íoslódáil ........ 20

e) An ghné ‘doicimÉad oibre’ a úsáid ........ 20

f) (Le haghaidh modhnóirí amháin) Fillteán a chruthú nó a roghú ........ 23

g) (Le haghaidh modhnóirí amháin) Mír nuachta nó imeacht a dhúbláil ........ 23

6 (Le haghaidh mhodhnóirí amháin) Eolas maidir le do líonra a mhodhnú ........ 24

7 Bí ar an eolas: bosca na bhfógraí, na nuashonruithe is déanaí maidir le líonraí agus nuachtlitir HPP dhá uair sa tseachtain ........ 26

a) Bosca na bhFógraí ........ 26

b) Líonra um an nuacht is déanaí ........ 26

c) An nuachtlitir dhá uair sa tseachtain ........ 27


8 Córas na bhFógra ........ 28

# 1 Próiseas clárúcháin


## a) Do chuntas EU Login a chruthú

Chun clárú ar Ardán Beartais Sláinte an Aontais Eorpaigh, ní mór duit cuntas EU Login a chruthú (ar a dtugtaí: ECAS). Chun é sin a dhéanamh, téigh chuig leathanach baile [Ardán Beartais Sláinte an Aontais](https://webgate.ec.europa.eu/hpf/), https://webgate.ec.europa.eu/hpf/, agus cliceáil ar 'Not registered yet' ['Níl mé cláraithe go fóill'].

Má tá cuntas EU Login agat cheana, cliceáil ar 'Already registered' ['Tá mé cláraithe cheana féin'] nó ar 'Login' ['Logáil isteach'] agus lean an chéim **'Tá mé cláraithe cheana féin (ar EU Login)'** thíos.




Tar éis duit cliceáil ar 'Not registered yet' déanfar thú a atreorú chuig an leathanach mar a léirítear thíos, áit a mbeidh an rogha agat 'Create an account' ['Cuntas a chruthú']. Líon isteach an fhoirm. Gheobhaidh tú ríomhphost ansin ina mbeidh tuilleadh treoracha maidir le conas do phasfhocal EU Login a chruthú.




Nuair a bheidh cuntas EU Login agat, téigh ar ais chuig príomhleathanach [Ardán Beartais Sláinte an Aontais]() agus lean na treoracha faoi '1(b) Tá mé cláraithe cheana féin'.


### b) Tá mé cláraithe cheana féin (ar EU Login)


Tar éis duit cliceáil ar **'Already registered'**, déanfar ceann amháin de na gníomhartha seo a leanas:

a) Déanfar thú a atreorú chuig tairseach Sheirbhís Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh 'EU LOGIN' (logáil isteach trí d'ainm úsáideora agus do phasfhocal EU Login a úsáid, ar a dtugtaí ECAS roimhe) agus déanfar thú a atreorú ansin chuig foirm chlárúcháin Ardán Beartais Sláinte an Aontais;

b) Déanfar thú a threorú go díreach chuig foirm chlárúcháin Ardán Beartais Sláinte an Aontais;

c) Mura ndéantar tú a atreorú chuig foirm chlárúcháin Ardán Beartais Sláinte an Aontais, cliceáil ar an táb 'My profile' ['Mo phróifíl'] mar a léirítear sa seat scáileáin thíos agus líon isteach an fhoirm chlárúcháin. Ná déan dearmad scrolláil síos chun d'iarratas clárúcháin a chur isteach.








Líon isteach foirm chlárúcháin Ardán Beartais Sláinte an Aontais ar bhealach sothuigthe, le do thoil. Tabharfar rochtain duit ar Líonra Agora agus ar Líonraí Oscailte Ardán Beartais Sláinte an Aontais ach an fhoirm seo a líonadh isteach. Tabhair do d'aire nach mór do chomhaltaí an Ardáin ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht ag a bhfuil **ríomhphost aonair atá i bhfeidhm** – ní ghlacfar le boscaí ríomhphoist feidhmiúla san Ardán.

Ina theannta sin, ba cheart d'úsáideoirí a dhéanann ionadaíocht ar eagraíocht a h**uimhir chlárúcháin i gClár Trédhearcachta an Aontais** a chur ar fáil ina bpróifíl, agus **ní mór dóibh ionadaíocht dhíreach eisiach a dhéanamh ar a leasanna féin**. Ní mór d'eagraíochtaí nach bhfuil cláraithe clárú i gClár Trédhearcachta an Aontais.

Tá na heintitis seo a leanas díolmhaithe ó chlárú i gClár Trédhearcachta an Aontais:

- Eagraíochtaí rialtasacha sláinte poiblí
- Institiúidí Eorpacha (seo liosta na n-institiúidí Eorpacha lena mbaineann)
- Eagraíochtaí luathoideachais, bunscoileanna agus meánscoileanna
- Ollscoileanna agus institiúidí taighde poiblí


Legal Notice | Support/Help | HPP EU | Logout | English (en)

EU Health Policy Platform

European Commission

Home | Web Platform | EU Health Award | Meetings | Who can join | About | Networks | My Profile

User EU HPP (euhealthpolicyplatform@gmail.com)

I am a member state representative

About your organisation

Organisation name *

Sector * (Please select)

Type * (Please select)

Country * (Please select)

EU Transparency Register Number *

You can register in the Transparency Register here . If you are a governmental organisation please write n/a.

Mission of your organisation *

Website

Picture: change picture

Contact: Professional email


About me

Submit

## 2 ‘Mo phróifíl’

Chun teacht ar do phróifíl cliceáil ar an táb ‘My Profile’ [‘Mo phróifíl’].

I do phróifíl, gheobhaidh tú an méid seo a leanas:




### a) Na míreanna atá postáilte agat

Taispeántar do phostálacha go léir san fhotha nuachta ar an táb ‘My Profile’. Leis an bhfotha nuachta, tá sé níos éasca súil a choinneáil ar na nótaí tráchta agus ar na moltaí a thugtar do d’fhoilseachán. Is féidir leat do chuid postálacha a chur in eagar ansin chomh maith.

### b) Mo phróifíl a chur in eagar


Leis an gcnaipe sin, is féidir leat do ghrianghraf, d’eagraíocht, do chur síos agus do shonraí teagmhála a chur in eagar. Is féidir leat seoladh ríomhphoist, Skype nó suíomh gréasáin a chur leis agus beidh sé le feiceáil sa rannán ‘contact details’ [‘sonraí teagmhála’] i do phróifíl.

### c) Liosta de do chuid líonraí

In ‘My profile’ gheobhaidh tú liosta de na líonraí ina bhfuil tú páirteach, ina measc sin Líonra Agora, na líonraí oscailte ar an Ardán, agus aon líonra srianta ar a bhfuil rochtain agat.

### d) Do chuid imeachtaí

Nuair a chliceálann tú ar ‘Upcoming meetings’ [‘Cruinnithe atá ag teacht aníos’] feicfidh tú liosta de na himeachtaí atá ag teacht aníos, is é sin imeachtaí ar tugadh cuireadh duit freastal orthu.




### e) Do chuid sonraí liostála

In ‘My profile’ is féidir leat teacht ar na foilseacháin uile ar liostáil tú leo ar fud an Ardáin. Is féidir liostáil le foilseachán ar bith ach cliceáil ar an gcnaipe ‘Follow’ [‘Liostáil’] thíos faoin bhfoilseachán sin, agus beidh sé le feiceáil i do leathanach liostálacha.

### f) Iarratais rochtana a bhainistiú

In ‘My profile’ is féidir leat teacht ar na hiarratais go léir atá seolta agat chuig líonraí srianta éagsúla ar an Ardán agus stádas na n-iarratas sin.

Faoin rannán seo is féidir le modhnóirí teacht ar na hiarratais rochtana a fuarthas ina líonraí chomh maith.

# 3 Rochtain a iarraidh ar Líonraí srianta

Tá sé chineál líonra ar an Ardán:

1. **Líonra Agora:** is é seo an príomhlíonra agus an chéad scagaire clárúcháin den Ardán. Is spás é chun idirghníomhú a dhéanamh i measc páirtithe leasmhara sláinte agus leis an gCoimisiún Eorpach. Moltar do gach úsáideoir nuacht agus imeachtaí a phostáil, doiciméid a bhaineann lena ngníomhaíochtaí anseo san áireamh.

2. **Líonraí téamacha:** is líonraí oscailte bliantúla iad ar a bhfuil rochtain ag gach úsáideoir atá cláraithe i líonra Agora chun éascú a dhéanamh ar dhréachtú ráiteas comhpháirteach maidir le saincheisteanna sláinte roghnaithe.

3. **Líonraí malartaithe:** tá rochtain orthu ag gach úsáideoir atá cláraithe ar an Ardán chun dea-chleachtais a mhalartú, ábhar oiliúna a chomhroinnt, agus úsáideoirí a spreagadh chun idirghníomhú lena chéile.

4. **Líonraí an Choimisiúin agus na mBallstát:** is líonraí srianta iad nach bhfuil rochtain orthu ach ag comhaltaí ceaptha. Is ionadaí freagrach arna cheapadh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit a dhéanann obair leantach i leith na ngrúpaí sin, agus cinntíonn sé an mhodhnóireacht orthu.

5. **Líonraí páirtithe leasmhara:** is líonraí srianta iad chun eolas agus faisnéis a chomhroinnt maidir le réimse sláinte ar leith. Cruthaítear iad mar fhreagairt ar iarratas díreach ó chomhaltaí páirtithe leasmhara ar líonra Agora chuig foireann Ardán Beartais Sláinte an Aontais ach ríomhphost a sheoladh chuig sante-hpp@ec.europa.eu. Féadfaidh úsáideoirí agus eagraíochtaí atá ábhartha maidir le hábhar líonra páirtithe leasmhara áirithe rochtain a iarraidh. Déanfaidh na modhnóirí páirtithe leasmhara ceaptha rialú ar na hiarratais ar rochtain de réir a gcritéar bunaithe féin; dá bhrí sin, ní ráthaítear le hiarratas do rochtain ar an gcineál sin líonra.

6. **Líonra do mhodhnóirí amháin:** is do mhodhnóirí líonraí éagsúla an Ardáin atá an líonra sin, agus dóibh amháin.

**Nuair a thabharfar rochtain duit ar an Ardán Beartais Sláinte**, beidh tú in ann páirt a ghlacadh i ngach ceann de na trí chineál líonraí oscailte: líonra Agora, na líonraí téamacha agus na líonraí malartaithe.





Chun rochtain a iarraidh ar **líonra faoi stiúir an Choimisiúin agus na mBallstát** nó ar **líonra páirtithe leasmhara**, déan cuardach eochairfhocal tríd an rogha 'Filter networks' ['Líonraí a scagadh'] mar a léirítear thíos:




Agus cliceáil ar **'Request access'** ['Rochtain a iarraidh'] sa Líonra a bhfuil spéis agat ann. Is modhnóirí ceaptha a rialaíonn na hiarratais ar rochtain ar na líonraí sin, agus dá bhrí sin ní ráthaítear le hiarratas do rochtain ar an gcineál seo líonraí.


Dá mba mhian leat na líonraí ina bhfuil tú páirteach a thaispeáint, agus na líonraí sin amháin, cliceáil ar 'My networks only' ['Mo chuid líonraí amháin'] nó cliceáil ar an táb 'My profile'.




# 4 Eolas a phostáil i líonra

## a) Mír nuachta a chruthú

Chun mír nuachta a scríobh agus a phostáil in aon cheann de na líonraí ina bhfuil tú páirteach, cliceáil ar **'Participate'** ['Rannpháirt a ghlacadh'] sa líonra/sna líonraí ar a bhfuil rochtain agat agus cliceáil ar **'Gach ábhar'** sa bharra roghchláir ar bharr an scáileáin.





Cliceáil ar **'Write your publication here'** ['Scríobh do mhír anseo'].




Beidh uirlis eagarthóireachta anuas ann lena bhféadfaidh tú cur síos a dhéanamh ar aon eolas is rogha leat agus é a chomhroinnt, agus féadfaidh tú **naisc, doiciméid agus pictiúr amháin** a chur leis. Má chuireann tú dáta leis, ní chomhroinnfear an foilseachán ach amháin mar imeacht, seachas mar mhír nuachta (agus cuirfear le féilire an líonra é). Nuair a bheidh tú réidh, cliceáil ar 'Submit' ['Mír a chur isteach'] agus beidh do mhír le feiceáil ar fhotha nuachta an líonra.

Tabhair do d'aire go bhféadfaidh tú do mhír a athrú agus a chur isteach arís ag am ar bith.





Tabhair do d'aire nach féidir na naisc i gcorp do phostála a chliceáil. Dá bhrí sin, cuir gach nasc sa táb 'Links' ['Naisc'], le do thoil:




## b) Imeachtaí a phostáil

Chun imeacht a phostáil:

**Cliceáil ar an táb 'Events' ['Imeachtaí']** ar an mbarra roghchláir agus roghnaigh an dáta trí chliceáil ar an lá is rogha leat san fhéilire. Féadfaidh tú imeacht a chruthú freisin trí dháta a chur le mír nuachta atá á cruthú agat.




**Líon isteach** teideal, cur síos, dáta, am agus áit don imeachta.

**Cliceáil ar 'Meeting invitation type'** ['Cineál cuiridh cruinnithe'] chun na húsáideoirí ar mian leat cuireadh a thabhairt dóibh chuig an imeacht a roghnú. Roghnaigh 'None' ['Gan aon chuireadh a sheoladh'] chun imeacht a fhoilsiú i bhféilire do líonra. Roghnaigh 'Restricted' ['Srianta'] chun úsáideoirí líonra ar leith ar mian leat cuireadh a thabhairt dóibh a roghnú sa táb 'Meeting attendance' ['Freastal cruinnithe'], cliceáil ar 'Network' ['Líonra'] chun cuireadh a thabhairt don líonra ar fad go dtí an t-imeacht. Gheobhaidh úsáideoirí fógra sa rannán 'Upcoming events' ar bharr an leathanaigh nuair a thabharfar cuireadh dóibh chuig imeacht.


## c) Pobalbhreith a phostáil

Chun pobalbhreith a phostáil i do líonra:

**Cliceáil ar 'Write your publication here'** mar a léirítear thuas, nó ar 'Post a news' ['Déan mír nuachta a phostáil'] mar a léirítear thíos:





**Cliceáil ar an gcnaipe 'Poll'** ['Pobalbhreith'] mar a léirítear thíos:




**Líon isteach na réimsí mar seo a leanas:**

a. Tabhair teideal ar do phobalbhreith

b. Déan cur síos uirthi mar chorp do phobalbhreithe




**Scríobh liosta roghanna** agus cliceáil ar 'Add choice' ['Rogha a chur leis']. Beidh struchtúr do roghanna pobalbhreithe le feiceáil mar seo a leanas:




**Cliceáil ar ‘Poll type’** [‘Cineál pobalbhreithe’] chun an rogha ‘single choice’ [‘rogha aonair’]





nó ‘multiple choice’ [‘ilrogha’] a roghnú.


**Roghnaigh dáta deiridh** do phobalbhreithe. Tabhair do d’aire nach féidir é a athrú nuair a fhoilseofar é.




**Roghnaigh infheictheacht thorthaí** do phobalbhreithe.





Agus an méid sin curtha i gcrích agat, is féidir leat do phobalbhreith a fhoilsiú i do líonra trí **chliceáil ar 'Submit' ['Cur isteach']**:



# 5 Doiciméid a chomhroinnt i leabharlann líonra

## a) Doiciméad a phostáil i leabharlann líonra


Cliceáil ar **'Library'** ['Leabharlann'] ar an mbarra roghchláir. Roghnaigh an fillteán inar mian leat doiciméad a phostáil. Cliceáil ar 'Add a document' ['Doiciméad a chur leis'], agus líon isteach an t-eolas a bhaineann le do dhoiciméad: teideal agus cur síos, ansin cliceáil ar




'Submit'.

## b) Doiciméid a bhogadh nó a scriosadh


Chun doiciméad a bhogadh nó a scriosadh cliceáil ar 'Mass actions' ['Ollghníomhaíochtaí'], agus ansin ar 'Move/delete' ['Bogadh/scriosadh']. Ansin cuir tic sa bhosca in aice leis an gcomhad agus tarraing agus scaoil an comhad chuig an bhfillteán is rogha leat nó scrios an



comhad. Tabhair do d'aire, más mian leat fillteán a scriosadh caithfidh tú gach doiciméad taobh istigh den fhillteán sin a scriosadh ar dtús.

### c) Bulc-uaslódáil


Má tá roinnt doiciméad agat le huaslódáil, is féidir leat an ghné 'bulc-uaslódáil' a úsáid trí chliceáil ar 'Mass actions' agus ansin ar 'Bulk upload' mar a léirítear thuas.




### d) Bulc-íoslódáil


Má tá roinnt doiciméad agat le híoslódáil, is féidir leat an ghné 'bulc-íoslódáil' a úsáid trí chliceáil ar 'Mass actions' agus ansin ar 'Bulk download'.

### e) An ghné 'doiciméad oibre' a úsáid




I ngach líonra tá an rogha agat do chuid doiciméad a athbhreithniú, a athrú agus a nuashonrú. Chun doiciméad a nuashonrú téigh go dtí leabharlann do líonra roghnaithe agus cliceáil ar an doiciméad is rogha leat. Íoslódáil an comhad agus déan na hathruithe is mian leat **(nóta: ná déan dearmad 'athruithe rianaithe' a ghníomhachtú in Word).** Chun an doiciméad leasaithe a uaslódáil, cliceáil ar an rogha 'Details' ['Mionsonraí'] in aice leis an gcomhad.

Ansin, cliceáil ar an gcnaipe glas 'Upload new version of document' ['Leagan nua de dhoiciméad a uaslódáil'], líon isteach an t-eolas is gá agus sábháil an leagan nua.





Ansin beidh tú in ann amharc ar stair na leaganacha nuashonraithe a d'uaslódáil úsáideoirí eile, chomh maith le do leagan féin, dar teideal: 2.00, etc., in ord aimsire.

## f) (Le haghaidh modhnóirí amháin) Fillteán a chruthú nó a roghú


Téigh chuig an táb ‘Library’ i do líonra. Más modhnóir thú, ba cheart go bhfeicfeá na roghanna chun fillteán a chruthú, a athainmniú nó a scriosadh. Cliceáil ar ‘Create folder’ [‘Fillteán a chruthú’] agus beidh fillteán nua dar teideal ‘New folder’ [‘Fillteán nua’] le feiceáil sa liosta. Chun eolas maidir leis an bhfillteán a chur in eagar, mar shampla ainm agus cur síos, roghnaigh an fillteán agus cliceáil ar ‘Edit details’ [‘Sonraí a chur in eagar’]. Féadfaidh tú an fillteán a tharraingt agus é a bhogadh faoi fhillteán eile chun struchtúr leabharlainne a chruthú atá éasca le húsáid.

## g) (Le haghaidh modhnóirí amháin) Mír nuachta nó imeacht a dhúbláil

**Foilseachán nó imeacht a chóipeáil ó ghrúpa amháin** (i.e. do ghrúpa páirtithe leasmhara) go dtí grúpa eile (i.e. Líonra Agora). Téigh chuig leathanach baile aon líonra ina bhfuil tú i do mhodhnóir, agus faoin bhfoilseachán is mian leat a chomhroinnt le grúpa eile, cliceáil ar ‘More’ [‘Tuilleadh’] agus ansin ar ‘Copy’ [‘Cóipeáil’].





Beidh scáileán nua le feiceáil ar a gcuirfear in iúl duit go bhfuil tú ‘about to duplicate the following publication’ [‘ar tí an foilseachán seo a leanas a dhúbláil’]. Scrolláil go dtí bun na postála go dtí ‘Destination network’ [‘Líonra cinn scríbe’] agus ón roghchlár anuas de ghrúpaí ar a ndéanann tú modhnóireacht, roghnaigh an grúpa inar mian leat an mhír nuachta nó an t-imeacht a chomhroinnt.





## 6 (Le haghaidh mhodhnóirí amháin) Eolas maidir le do líonra a mhodhnú

Sa táb ‘Networks’ [‘Líonraí’], gheobhaidh tú do bhosca líonra. Cliceáil ar chnaipe an phinn luaidhe – ní bheidh an cnaipe seo le feiceáil ach amháin sna líonraí ar a ndéanann tú modhnóireacht.




Beidh tú in ann an t-eolas maidir le do líonra a mhodhnú.




Mar mhodhnóir, beidh tú in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: ainm do líonraí a nuashonrú, an cur síos ar do líonra a athrú, rud a bheidh le feiceáil i do bhosca líonra in ‘Other networks’ [‘Líonraí eile’] agus sa rannán ‘Aim’ [‘Cuspóir’] laistigh de do líonra, íomhá do líonra a athrú agus ceannairí an líonra a roghnú.

## 7 Bí ar an eolas: bosca na bhfógraí, na nuashonruithe is déanaí maidir le líonraí agus nuachtlitir HPP dhá uair sa tseachtain


Le hArdán Beartais Sláinte an Aontais, cuirtear roinnt bealaí ar fáil chun fanacht ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí is déanaí ó thaobh Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh de.


### a) Bosca na bhFógraí

Léigh bosca na bhFógraí i líonra Agora, áit a bhfeicfidh comhaltaí an Ardáin an nuacht is déanaí maidir le gníomhaíochtaí an Ardáin, amhail seimineáir ghréasáin bheo, Comhráitis bhliantúla nó a chruinniú bliantúil.

### b) Líonra um an nuacht is déanaí

Tá fáil ar an líonra um an nuacht is déanaí trí bhosca na bhFógraí. Is líonra é atá dírithe ar nuacht a bhaineann go sonrach leis an Ardán. Féadfaidh tú é a rochtain ach cliceáil ar an gcnaipe ‘View’ [‘Amharc’] thíos faoi bhosca na bhFógraí.






### c) An nuachtlitir dhá uair sa tseachtain

Dhá uair sa tseachtain, seoltar ríomhphost uathoibríoch chuig gach comhalta den Ardán. Sa ríomhphost sin gheobhaidh tú an nuacht, na doiciméid agus na himeachtaí is déanaí a phostálann tú féin agus úsáideoirí eile, sna líonraí uile lena mbaineann tú.

Sa nuachtlitir sin tá hipearnaisc chuig na hailt, nach bhfuil inléite ach do chomhaltaí an Ardáin. Cruthaítear roinn shonrach go huathoibríoch le haghaidh líonraí srianta; feicfidh gach úsáideoir an nuacht ó na líonraí ina bhfuil sé/sí ina c(h)omhalta, agus nuacht na líonraí sin amháin.





## 8 Córas na bhFógra


Ag barr gach leathanaigh gréasáin de chuid Ardán Beartais Sláinte an Aontais, gheobhaidh tú ionad fógra lena mbeidh tú in ann an méid seo a leanas a fheiceáil:

1. Na himeachtaí a postáladh ar an Ardán Beartais Sláinte.
2. Na nótaí tráchta a foilsíodh faoi do mhír féin ionas gur féidir leat iad a fheiceáil.




Féadfaidh gach úsáideoir freagra a thabhairt maidir leis na himeachtaí atá le teacht aníos,




mar a léirítear thíos:

I rannán na nótaí tráchta féadfaidh gach úsáideoir na nótaí tráchta a fágadh agus a fuarthas i bpostálacha éagsúla a fheiceáil, agus freagra a thabhairt orthu nó iad a scriosadh.




EU Health Policy Platform

**Ceisteanna? Moltaí?**

Déan teagmháil linn trí sante-hpp@ec.europa.eu